Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Meitheamh 2019
(OR. en)

9322/1/19
REV 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0113(COD)

CODEC 1085
DRS 41
IA 153

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 maidir le húsáid uirlisí agus próiseas digiteach i ndlí na gcuideachtaí **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 25 Aibreán 2018, chuir an Coimisiún an togra[1], atá bunaithe ar Airteagal 50(1) agus ar phointí (b), (c), (f) agus (g) d'Airteagal 50(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 17 Deireadh Fómhair 2018[2].

3. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh ar an 26 Iúil 2018[3].

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 18 Aibreán 2019. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa[4] ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis.

[1] 8560/18.
[2] IO C 62, 15.2.2019, lch. 24.
[3] IO C 324, 13.9.2018, lch. 13.
[4] 8452/19.

5. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe
a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin
agus an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 25/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

– a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá san aguisín, a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.